

Ceardlann Drámaíochta

Téama: Teacht ar ais le chéile tar éis na Nollag

Aidhmeanna:

- Ag cur aithne ar a chéile arís tar éis na Nollag
- Ag aimsiú módhanna cruthaitheachta chun na laethanta saoire a phlé
- Ag cruthú spiorad ghrúpa agus ag forbairt muinín, samhlaíocht agus smaointeoireacht criticiúil

	Tasc	Aidhm
Fócas (5 nóim)	Breathnaigh Suas	Aird an ghrúpa a tharraingt ar a chéile Fuinnimh an ghrúpa a tharraingt le chéile agus spiorad ghrúpa a chothú
Téamh (5nóim)	Athraigh Áiteanna má...	Tús a chuir le daoine ag bogadh timpeall Tús a chuir le éisteacht agus obair samhlaíoch Bealach chun scéalta na Nollag a insint agus aithne a chur ar gach duine arís
Díriú Fuinnimhe (10 nóim)	Céard atá tú ag déanamh?	Ag leanacht ar aghaidh leis an téama teacht ar ais le chéile agus malartú scéalta faoina laethanta saoire Ag déanamh forbairt ar obair samhlaíoch agus cruthaitheach go spraoiúil Ag forbairt muinín sa ghrúpa
Tasc (10 nóim)	Ná tóg mise- Táimse tábhachtach!	Forbairt ar muinín, cruthaitheacht agus smaointeoireacht criticiúil Scileanna labhartha Gaeilge a fhorbairt
Frithchaitheamh (5 nóim)	Ineall	Ag tabhairt saoirse dóibh taispeáint dá chéile an rud ab fhearr dóibh faoina laethanta saoire
Fuaireadh (5 nóim)	Focal agus aidhm do 2014	Ag tabhairt súil ar aghaidh

Cur Chuige na Cluichí

Fócas:

Breathnaigh Suas!

- Gach duine ag seasamh i gciorcal. Cromann gach duine a choigeann síos ag féachaint ar an urlár.
- Deireann an áisitheoir "Breathniagh suas".
- Nuair a chloiseann an grúpa é seo breathnaíonn siad díreach ar éadan duine amháin eile sa chiorcal.
- De ghnáth ní bhíonn mórán daoine ag féachaint ar a chéile ach má tá beirt daoine ag féachaint sna súile ar a chéile, screadann siad "Cén chaoi an bhfuil an craic?!" ag an am céanna. Ansin athraíonn an bheirt sin áiteanna chomh tapaidh agus is féidir.
- Leantar ar aghaidh leis an gcluiche go dtí go bhfuil gach duine tar éis áit a athrú ar a laghad uair amháin. Is féidir é seo a dhéanamh le luas mhaith chun spraoi a bhaint as.
- **Breischéim:** Is féidir freisin comórtas a dhéanamh as tré an bheirt atá ag féachaint ar a chéile a thógáil amach agus leanacht ar aghaidh leis an gcluiche go dtí go bhfuil beirt fágtha.
- **Nóta:** Déan cinnte nach bhfuil siad ag féachaint ar an duine céanna an t-am ar fad. Cur iachall ar gach duine féachaint ar duine nua gach uair. Má fheictear duine ag déanamh é seo, tá an duine sin amuigh. Caithfear cinntiú nach bhfuil aon pátrún ann sa chaoi agus nach bhfuil an cluiche ró éasca.

Téamh:

Athraigh áiteanna

- Seasann gach duine i gciorcal agus bíonn duine amháin ag seasamh sa lár.
- Deireann an duine sa lár "Athraigh áiteanna más rud é..."
- Roghnaíonn an duine sa lár abairt nua gach uair; mar shampla, "athraigh áiteanna más rud é go bhfuil milseáin fós fanta sa teach" nó "athraigh áiteanna más rud é gur imigh na soilse aon uair i rith na laethanata saoire" Tá ar an duine sa lár abairt a chumadh a bhaineann leis an Noollag nó na laethanta saoire agus leis/ léi féin chomh maith.

- Tá ar gach duine áiteanna a athrú más rud é go mbaineann an abairt leo. An duine atá fágth sa lár is eisean/ ise a thugann abairt nua a bhaineann leis/leí.

Díriú Fuinnimhe

Céard atá tú ag déanamh?

- Gach duine ag seasamh i gciorcal. Duine amháin sa lár.
- Tosaíonn an duine i lár an chiorcail ag déanamh mím do rud éigean. Ba chóir go mbeadh sé/sí ag déanamh mím do rud éigean go ndearna siad le linn na laethanta saoire.
- Seasann duine eile isteach sa chiorcal, labhrann leis an duine sin agus cuireann ceist faoi céard atá sé /sí ag déanamh.
- Mar shampla, "Dia dhuit a Mháire, céard atá tú ag déanamh?"
- Freagraíonn an duine sa lár (i.e. Máire)ach ní insíonn sí an fhírinne. Deireann sí aon rud eile seachas an rud atá sí ag déanamh.
- Mar shampla, má tá sí ag déanamh mím agus ag ligint uirthi fein go bhfuil sí ag oscailt bronnatanas, is féidir léi a rá "tá mé ag féachaint ar scannán *Elf*" nó aon rud eile seachas an rud atá á dhéanamh aici.
- Nuair atá sé sin ráite, imíonn an duine sin amach as an gciorcal agus tosaíonn an duine eile ag déanamh mím don rud sin (ag ligint air/uirthi féin go bhfuil se/sí ag féachaint ar *Elf* "
- Tagann duine nua isteach agus cuireann an ceist céanna agus leannan an cluiche ar aghaidh mar sin go dtí go bhfuil gach duine tar éis a bheith sa lár.

Tasc

Na Tóg Mise- Táimse tábhachtach!

- Roinn gach duine i ngrúpaí beaga do cearthar nó cúigear. Abair leis na grúpaí go gcaithfidh gach grúpa suíomh amháin sa bhaile a chruthú ar nós mar a bhí sé faoi Nollag.
- Tabhair seomra faoi leith do gach grúpa, mar shampla, seomra suite, cistean, seomra codalta, an gháirdín, an tsráid, an seantán. (B'fhéidir ná tabhair an seomra folctha d'aon ghrúpa, bheadh go leor seafóid ansin!)
- Tá ar an ghrúpa pictiúir reoite don suíomh atá acu a chruthú. Tá ar gach duine dealbh reoite a dhéanamh do rud amháin sa seomra. Níl cead acu a bheith ina daoien, caithfidh siad uile a bheith mar rudaí.
 - Déanann siad cinne idir eatarthu maidir le cén rudaí a bheidh sa phictiúir. Is féidir leis a bheith bainteach le bronnatanais Nollag atá i ngach seomra nó gnath rud muna bhfuil fonn orthu fanacht leis an téama.

- Deireann an áistheoir go bhfuil sé/sí chun glanadh suas tar éis na Nollag, agus go bhfuil sé ag iarraidh rud amháin a thógail amach as gach seomra nach bhfuil ag teastáil níos mó.
- Mar shampla: Má tá pictiúir reoite don chistean agus go bhfuil turcaí ann, is féidir leis an áistheoir (nó duine as grúpa eile) a rá "Táim bréan den turcaí tar éis na Nollag"!
- Freagraíonn an turcaí "Ná tóg mise-táimse tábhachtach!" Bíonn ar an turcaí a rá cén fáth go bhfuil sé tabhachtach.
- Mar shampla, "Ní féidir leat fáil réidh liomsa mar níl aon airgead fágtha tar éis na Nollag agus níl muid ag iarraidh go mbeidh ocras ar dhaoine" nó más crann Nollag atá ann "Ní féidir leat mise a thógáil mar ní bheidh aon áit ag na páistí le bheith ag spraoi agus ag dul i bhfolach taobh thiar dom!"
- **Nóta:** Féachann gach grúpa ar pictiúirí a chéile agus tar éis do gach duine labhairt faoi cén fáth go bhfuil siad tábhachtach is féidir leis an lucht féachanna rogha a dhéanamh faoi rud amháin nach dteastaíonn go dtí an chéad Nollaig eile!
- **Nóta:** Inis dóibh ag an tús go gcaithfidh siad smaoineamh ar chúis éigean go bhfuil an rud tábhachtach. Tug am dóibh agus tacaíocht dóibh ina grúpaí chun teacht suas le smointe do cén fáth go bhfuil an rud a roghnaigh siad tábhachtach. Ní ga go mbeadh sé dáiríre-an príomh aidhm ná go bhfuil siad ag foghlaim faoi cén chaoi le smaoineamh as a stuaim féin. Muna féidir leo smaoineamh ar rud éigean faoin Nollag ní ga cloí leis. Fiú an leaba, mar shampla, cén fáth go bhfuil sé tabhachtach.

Frithchaitheamh

Inneall

Inneall Cuimhneachán

- Gach duine ag seasamh i gciorcal le spás mór sa lár.
- Beidh inneall mór na Nollag á chruthú sa lár agus caithfidh gach duine a bheith páirteach agus obair lena chéile.
- Roghnaíonn gach duine cuimhne amháin ón Nollag (nó fiú ón seisiún) agus roghnaíonn siad fuaime amháin agus aicsean amháin acchuireann an rud sin i gcuimhne dóibh. Mar shampla, más ag imirt cluichí boird leis an clann an rud, is féidir an duine sina ocsean amháin
- Lig do dhuine ón ghrúpa tús a chur leis. Téann sé/sí isteach sa lár agus deireann sé abairt agus gluaiseacht. Déanann sé arís agus arís eile é go dtí go n-aimsíonn sé rithim.

- Tagann duine éigin eile isteach agus tá ar an duine sina fuíam agus gluaiseachta a dhéanamh ach iarracht a dhéanamh go mbeadh sé ag comhoibriú agus i rithim leis an chéad ceann
- Lean ar aghaidh go dtí go bhfuil gach duine istigh sa lár agus ag glacadh páirt agus ag comhoibriú ar bhealach éigin .
- An rud atá tábhachtach ná an athrá agus an rithim a choinneáil chun go mbeidh gach duine ag obair le chéile.
- Inis dóibh go bhfuil sé ar nós go bhfuil muid ag rá slán ag an Nollag agus mar sin is féidir an fuinnimh a ardú agus é a chur ag gluaiseacht níos tapúla agus ag an deireadh é a chiúiniú síos go stopann sé reoite.

Fuaireadh

Focal agus Aidhm do 2014

- Seasann gach duine i gciorcal chun críochnú.
- Is féidir le daoine focal amhain nó abairt amháin a rá faoi rud amháin go bhfuil siad ag súil leis do 2014, nó rud amháin go mba mhaith leo a dhéanamh le Ógras.